Fuinneamh sa bhaile

Téigh tríd na ceachtanna seo a leanas féachaint conas a úsáidtear fuinneamh sa bhaile agat.

1. An bhfuil an t-áiléar teasdíonaithe?
2. Comhairigh líon na mbolgán CFL (dlúthsholas fluaraiseach) atá sa tigh.
3. Comhairigh líon na ngnáth-bholgán sa tigh.
4. An bhfuil sorcóir an uisce the teasdíonaithe?
5. An bhfuil teirmeastait in aon cheann de na seomraí?
6. Má tá aon cheann de na fearais leictreachais thíosluaite sa bhaile agat, féach an raibh lipéad fuinnimh orthu nuair a ceannaíodh iad agus má bhí cén litir (ó A-G) a bhí air.
   Na fearais A-ghrádaithe na cinn is tíosaí ar fhuinneamh.

• **Cuisneoir** • **Inneall níocháin** • **Triomadóir** • **Reoiteoir** • **Miasniteoir**

7. Déan scrúdú tapa timpeall an tí féachaint ar fágadh aon fhearas leictreachais nó soilse ar siúl agus gan iad in úsáid - déan liosta d'aon cheann a aimsíonn tú.
8. Seiceáil féachaint an bhfuil an teilifís agus an taifeadán físchaiséid múchta go hiomlán nó díreach fágtha ar fuireachas.
9. Seiceáil na sconnaí go léir timpeall an tí – an bhfuil siad dúnta go hiomlán nó an bhfuil aon cheann ar sileadh?

Féach ar a bhfuair tú ón liosta thuas. An féidir leat smaoineamh ar aon bhealach eile go bhféadfaí fuinneamh a úsáid níos ciallmhaire nó a shábháil sa bhaile agat?

Úsáidimid a lán fuinnimh sa bhaile. Úsáideann tithe cónaithe in Éirinn an méid céanna nó níos mó fuinnimh ná na hoifigí agus na monarchana go léir le chéile. Féadann an tslí a úsáidimid fuinneamh inár dtithe fíor-dhifríocht a dhéanamh dár n-acmhainní fuinnimh. D'fhéadfadh díospóireacht ranga a theacht as an mbileog saothair seo.